Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13195/21**

**COH 58**
**CADREFIN 441**
**POLGEN 178**
**ECOFIN 1023**
**ENV 773**
**TRANS 621**
**PECHE 390**
**JAI 1125**
**ENER 444**
**MI 771**
**MAR 196**
**COMPET 736**
**AGRI 505**
**SUSTDEV 136**
**RECH 466**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Poblacht San Mairíne a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR)<br>– *Glacadh* |

1. Sa litir uathu, dar dáta an 15 Meitheamh 2021, d'iarr na ceithre Bhallstát de chuid EUSAIR (an Chróit, an Ghréig, an Iodáil agus an tSlóivéin) ar Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais an nós imeachta sa Chomhairle maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) a sheoladh[1].

[1] WK 11076/21.

2. Rinneadh scrúdú ar na dréachtchonclúidí ón uachtaránacht maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí an 30 Meán Fómhair 2021[2]. Tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle na Conclúidí seo ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[2] WK 11150/21.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréacht**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

(1) Á MHEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2014[1], inar formhuiníodh Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) bunaithe ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar dáta an 17 Meitheamh 2014[2];

(2) I bhFIANAISE Dhearbhú Izola an 11 Bealtaine 2021, nuair a thug an Chomhairle Aidriadach agus Iónach/Cruinniú Aireachta EUSAIR freagairt dhearfach ar an iarraidh ó Phoblacht San Mairíne go ndéanfaí di an deichiú tír rannpháirteach i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach agus mhol sí do Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus don Choimisiún Eorpach pé beart is gá a ghlacadh chun Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR;

(3) I bhFIANAISE na litreach, dar dáta an 15 Meitheamh 2021 ó na ceithre Bhallstát de chuid EUSAIR (an Chróit, an Ghréig, an Iodáil agus an tSlóivéin) chuig Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais inar iarradh uirthi an nós imeachta sa Chomhairle maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR a sheoladh, agus Á TABHAIRT DÁ hAIRE DI freagra Uachtaránacht na Portaingéile, dar dáta an 28 Meitheamh 2021;

A. IS DÍOL SÁSAIMH DI an iarraidh sin agus GLACANN SÍ leis an iarraidh atá curtha chun cinn ag na tíortha sin atá rannpháirteach in EUSAIR maidir le Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR;

B. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na bearta is gá a ghlacadh d'fhonn Poblacht San Mairíne a áireamh in EUSAIR agus Straitéis leasaithe, dá réir, a chur faoi bhráid na Comhairle.

[1] 13503/14.
[2] 10675/14.